Gaeilge

Leabhrán

Ionduchtúcháin do Scoileanna

Tá an cháipéis seo le fáil i dteangacha eile. Téigh i dteagmháil le do scoil má theastaíonn an cháipéis seo uait i dteanga eile.

Cuireadh an cháipéis seo le chéile trí mhaoiniú á fháil ó Chomhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe

Clár Ábhar

Réamhrá	2
Freastal	3
Teagmháil leis an Scoil	4
Cos ar Bholg	4
Araíonacht	6
Boird Bhainistíochta	6
Tuismitheoirí/Caomhnóirí	7
Riachtanais Speisialta	8
Airgeadas	9
Bunscoil	10
Oideachas	12
An Scoil	13
Sláinte	14
Dara Leibhéal	15
Roghnú Scoile	15
An tSraith Shóisearach	18
An tSraith Shinsearach	19
An Ardteistiméireacht	20
Teangacha	21
Éide Scoile	22
Obair Bhaile	22
Faisnéis faoi do Bhunscoil	23
Faisnéis faoi do Mheánscoil	24
Léargas Ginearálta ar Chomhpháirtíocht na Gaillimhe	25
Faisnéis agus Teagmhálaithe Úsáideacha	26

Faisnéis agus Teagmhálaithe Úsáideacha

- Seirbhís Imirceach na Gaillimhe − is seirbhís tacaíochta thiomanta í d'imircigh agus dá gclann i gCathair na Gaillimhe lena gcearta a chur chun cinn trí fhaisnéis, tacaíocht agus cuidiú a chur ar fáil dóibh - 091-533033
- Tionscadal Forbartha don Óige, Cnoc na Cathrach - 091 580900
- Tionscadal don Óige, Ceantar Bhaile an Phoill - 091 760284
- Tionscadal Forbartha don Óige, An Baile Bán - 091 768297
- SPARK - Youth Work Ireland – Gaillimh - 091 561637
- Youth Work Ireland – Gaillimh, Iarthar na Cathrach - 091 528553
- Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh - An Baile Bán - 091 773663
  -Baile an Phoill - 091 760330
  -Iarthar na Cathrach - 091 585011
- Lárionad Eolais don Óige, Gaillimh - 091 562434
- Lárionad Eolais do Shaoránaigh, Gaillimh - 091 563344
- Coiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe - 091-549400
- Seirbhís Socrúcháin FÁS - 091-534400

~~~~~~

Cuireadh an leabhrán seo le chéile le faisnéis amháin a thabhairt agus ba cheart na sonraí uile a dheimhniú leis an scoil nó leis an údarás cuí. Fuarthas doiciméadú agus faisnéis ó na foinsí seo a leanas le haghaidh an leabhráin seo: an Roinn Oideachais, Seirbhís Dídeanaithe na nÍosánach (Jesuit Refugee Service) − Éire, an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais agus gníomhaireachtaí eile reachtúla/áitiúla.
~~~~~~

Léargas Ginearálta ar Chomhpháirtíocht na Gaillimhe

Is cuideachta áitiúil forbartha iad Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe a chuireann raon leathan beart um chuimsiú sóisialta i bhfeidhm. Díríonn Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe ar na grúpaí ar leith seo:

- Daoine Dífhostaithe go Fadtéarmach - An Lucht Siúil
- Mná faoi Bhuntáiste
- Daoine faoi Mhíchumas
- Daoine Óga atá i mBaol
- Daoine gan Dídean
- Tuismitheoirí Aonair
- Mionlaigh Eitneacha
- Seandaoine
- Iarphríosúnaigh agus Ciontóirí
- Mí-úsáideoirí Substainte
- Daoine nach bhfuil ag fáil go leor
- Spailpíní Fánacha
- Oibre
- Pobail Leispiacha, Homaighnéasacha agus Déghnéasacha

Is iad seo a leanas na seirbhísí a chuireann Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe ar fáil:

- Seirbhís Aighneachta don Óige - 091-773466
- EdStart − Clár na mBlianta is Fearr, Gaillimh - 091-773466
- Seirbhís Fiontraíochta - 091-773466
- Líonra Áitiúil um Sheirbhís Fostaíochta
  - An Baile Bán - 091 768304
  - Iarthar na Cathrach - 091 581955
  - Bóthar Mór - 091 566617
  - Ionad Acmhainní Mhuintir na Gaillimhe - 091 565311

Is iad seo a leanas na Sonraí Teagmhála de chuid Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe:

3 Oifigí an Phláis, Bóthar Átha Cinn, Cathair na Gaillimhe

Teil: 091-773466 Facs: 091-773468

Ríomhphost: info@gcp.ie Láithreán gréasáin: www.gcp.ie

Réamhrá

Tugann an leabhrán seo faisnéis do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí faoi scoileanna na hÉireann. Is mór an cúnamh é duit agus tú ag déanamh cinnte de go bhfuil do pháiste sona sásta ar scoil má bhíonn tú ar an eolas faoi chúrsaí oideachais in Éirinn.

Ceisteanna Ginearálta

Cé atá freagrach as oideachas a chur ar pháistí na hÉireann?

Tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta freagrach as oideachas a chur ar pháistí na hÉireann. Is féidir faisnéis faoin roinn seo a fháil ar a láithreán gréasáin: www.education.ie.

An bhfuil iallach ar mo mhac/m'iníon freastal ar scoil?

Tá. Tá an chuid is mó de na páistí in Éirinn in ann freastal ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna saor in aisce. Más idir 6 agus 16 bliana d'aois do pháiste, tá ceanglas dlíthiúil air/uirthi freastal ar scoil. Ní mór do do pháiste freastal ar scoil gach lá mura bhfuil leithscéal maith aige/aici a bheith as láthair. Cuirfidh an scoil scileanna agus muinín ar do pháiste agus is deis í dó/di cairde a dhéanamh.

Conas a chláraíonn mo mhac/m'iníon i scoil?

Ba cheart duit glao gutháin a chur ar phríomhoide na scoile agus cruinniú leis/léi a eagrú. Is féidir leat iarraidh ar phríomhoide na scoile do mhac/d'iníon a chlárú ag an gcruinniú seo. Má tá scoil ar leith lán go doras, tá seans ann nach mbeidh do pháiste in ann freastal ar an scoil sin; cuirfidh an príomhoide comhairle ort i leith scoileanna eile sa chás seo, áfach. Tá liosta scoileanna le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais: www.education.ie.

Freastal

Cad a dhéanaim mura bhfuil mo pháiste in ann a bheith i láthair ar scoil?

Ní mór duit an scoil a chur ar an eolas faoi seo agus cúis a thabhairt. Is minic a bhíonn cúis mhaith mura bhfuil páiste in ann a bheith i láthair agus bíonn tuiscint ag an scoil sna cásanna seo. Níor cheart duit do pháiste a chur ar scoil más tinn dó/di.

Cad a tharlaíonn má bhíonn mo pháiste as láthair go minic?

Má bhíonn do pháiste as láthair ar feadh 20 lá sa scoilbhliain, cuirfidh an scoil scéal chuig an NEWB (National Educational Welfare Board/an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais) ina leith. D'fhéadfadh an NEWB oifigeach leasa oideachais a chur chugat le cuidiú leat cinntiú go mbeidh do pháiste in ann freastal ar scoil níos minice.

Cad é an NEWB (an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais)?

Tacaíonn an NEWB le teaghlaigh agus cinntíonn siad go gcuirfear oideachas ar gach páiste de réir an dlí. Ciallaíonn sé seo nach mór don chuid is mó de pháistí freastal ar scoil. Cuidíonn an NEWB leat scoil a aimsiú duit mura bhfuil tú féin in ann amhlaidh a dhéanamh. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an NEWB ar líne ag www.newb.ie.

Cad a tharlaíonn ma bhogaim ón gceantar agus ón scoil dá thoradh?

Ní mór duit an príomhoide a chur ar an eolas go bhfuil do mhac/d'iníon ag bogadh go ceantar nua agus go mbeidh sé/sí ag freastal ar scoil dhifriúil. Ní mór duit tuairisc scríofa ar do pháiste a iarraidh ón bpríomhoide, lena n-áirítear a d(h)ul chun cinn i gcúrsaí teanga. Nuair a chláraíonn tú do mhac/d'iníon i scoil nua, ba cheart duit an fhaisnéis seo a thabhairt don phríomhoide nua. Más rud é gur thug an scoil leabhair nó rud ar bith eile duit, ba cheart duit iad a fhágáil ar ais ag an scoil sula n-imíonn tú.

Faisnéis faoi do Mheánscoil

- Is é ainm ár scoile .....
- Is é seoladh ár scoile .....
- Is é ainm an Phríomhoide .....
- Is í ár n-uimhir ghutháin .....
- Cuirtear tús leis na ranganna ag .....am agus críochnaíonn siad ag .....pm
- Dúntar an scoil na laethanta seo a leanas:
    - ……..….. .go …….…….
    - ……..…….. .go …….…….
    - .....go …….…….
    - ……. .go …….…….

Ábhar	Ar Fáil	Ábhar	Ar Fáil
Béarla		Corpoideachas	
Gaeilge		Eacnamaíocht Bhaile	
Matamaitic		Ceimic	
Fraincis		Fisic	
Tíreolaíocht		Bitheolaíocht	
Stair		Innealtóireacht	
Gearmáinis		Staidéar Foirgníochta	
Líníocht Mheicniúil		Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh	
Líníocht Theicniúil		Staidéar Gnó	
Eacnamaíocht			

Faisnéis faoi do Bhunscoil

- Is é ainm ár scoile .....
- Is é seoladh ár scoile .....
- Is é ainm an Phríomhoide .....
- Téigh i dteagmháil le .....má tá aon fhiosrúcháin agat
- Is í ár n-uimhir ghutháin .....
- Cuirtear tús leis na ranganna ag .....am agus críochnaíonn siad ag .....pm
- Is í uimhir theagmhála ár Múinteoirí Téagmhála Baile, Scoile agus an Phobail: ……..
- Dúntar an scoil na laethanta seo a leanas:
    - …….. .go …….…….
    - …….. .go …….…….
    - .....go …….…….
    - …….. .go …….…….

Teagmháil leis an Scoil

Níl Béarla ar mo thoil agam. Conas is féidir liom teagmháil a dhéanamh leis an scoil?

Is féidir leat cara leat a bhfuil Béarla aige/aici a bhreith leat chun na scoile le cuidiú leat nuair a bhuaileann tú le príomhoide na scoile nó le múinteoir. Cuireann roinnt scoileanna ateangaire ar fáil le haghaidh cruinnithe. Is féidir leat iarraidh ar an scoil ateangaire a chur ar fáil duit le haghaidh do chruinnithe.

Conas a rachaidh an scoil i dteagmháil liom má theastaím uathu?

Tugann scoileanna nótaí nó nuachtlitreacha do na páistí le haghaidh tuismitheoirí de ghnáth. Ba cheart duit mála scoile do pháiste a sheiceáil go rialta lena n-aghaidh ar eagla go ndéanann do pháiste dearmad an nóta a thabhairt duit.

Cad a dhéanann an tOifigeach Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail?

Cuireadh an Scéim Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail i bhfeidhm le cuidiú le páistí sárchumas a bhaint amach ar scoil. Oibríonn an tOifigeach Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail le tuismitheoirí/caomhnóirí le cuidiú leo a ndícheall a dhéanamh maidir le foghlaim a gcuid páistí.

Cos ar Bholg

Tá faitíos orm go bhfuil cos ar bholg á himirt ar mo pháiste.

Titeann cos ar bholg amach corruair ar scoil nó ar an mbealach chun na scoile. Is ábhar tromchúiseach é seo agus ní ghlactar leis i scoileanna na hÉireann. Is éard atá i gceist le cos ar bholg ionsaí béil, síceolaíochta nó fisiciúil a dhéanann duine nó grúpa daoine i gcoinne duine nó daoine eile.

Comharthaí go bhfuil cos ar bholg á himirt ar do pháiste:

− Faitíos faoi dhul ar scoil, iarraidh ar thuismitheoirí iad a thiomáint go dtí an scoil, ag athrú an bhealaigh a dtéann siad ar scoil

− Níl siad ag iarraidh dul ar scoil nó eitíonn siad dul ar scoil

− Díriú intinne ag dul i laige, cumas léinn ag dul i laige

− Ag gearán ar thinneas, ar thinneas cinn, ar thinneas goile

− Athruithe giúmair nó athruithe iompair

− Comharthaí soiléire buartha nó struis, caoineadh, deacracht maidir le codladh, gan a bheith ag ithe

− Giuirléidí ar iarraidh nó dochar déanta dóibh

− Brú craicinn nó gearrthacha nár cheart a bheith ann

− Gan fonn orthu a rá cad atá ag cur isteach air/uirthi

Níltear á rá thuas go cinnte go bhfuil cos ar bholg á himirt ar do pháiste

Tá cos ar bholg á himirt ar mo pháiste. Cad ba cheart dom a dhéanamh?

Ba cheart duit labhairt le múinteoir do pháiste faoi seo. Má deir do pháiste leat go bhfuil cos ar bholg á himirt air/uirthi:

− Bí socair, mínigh don pháiste nach airesan/uirthise atá an locht agus go bhfuil réiteach ar an bhfadhb

− Labhair leis an múinteoir siocair go dteastaíonn tacaíocht na dtuismitheoirí ó mhúinteoirí le dul i ngleic leis an bhfadhb seo

− Corruair bíonn cuidiú ag teastáil ó pháistí le bheith sóisialta; tabhair cuireadh do pháistí eile teacht chun do thí le bheith ag súgradh

− Abair le do pháiste gur fearr airgead agus giuirléidí a scaoileadh agus teacht slán as agus an scéal a insint do mhúinteoir/do thuismitheoir.

− Imrítear cos ar bholg ar chorrpháiste de bharr go bhfuil siad míshláinteach nó go bhfuil drochnósanna sláinteachais acu; más amhlaidh an scéal duitse, is féidir leat cuidiú le do pháiste é seo a shárú.

Sna blianta roimhe seo, thug daltaí faoi scrúduithe i Laitvis, Liotuáinis, Rómáinis, Gréigis Nua-aimseartha, Fionlainnis, Polainnis, Eastóinis, Slóvaicis, Sualainnis, Seicis, Bulgáiris, Ungáiris, Portaingéilis, Dainmhairgis agus Ollainnis. Más mian le do pháiste tabhairt faoi scrúdú ina m(h)áthairtheanga, is féidir leat labhairt le príomhoide na scoile faoi seo. Is féidir leat tuilleadh faisnéise faoi theangacha nach bhfuil ar an gcuraclam a fháil ar www.examinations.ie.

Éide Scoile

An bhfuil iallach ar mo pháiste éide scoile a chaitheamh?

Cuireann mórán scoileanna iallach ar dhaltaí éide scoile a chaitheamh. Teastaíonn éadaí nó bróga ar leith corruair ó dhaltaí le haghaidh cluichí spóirt. Mura bhfuil tú sásta faoin riachtanas a bhaineann le caitheamh éide scoile siocair cúinsí cultúrtha, ba cheart duit é seo a phlé le príomhoide na scoile.

Obair Bhaile

An bhfuil iallach ar mo mhac/m'iníon obair bhaile a dhéanamh?

Tugann múinteoirí obair bhaile do dhaltaí iar-bhunscoile de ghnáth. Tógann sé idir 2 agus 3 huaire an chloig ar dhaltaí iar-bhunscoile obair bhaile a dhéanamh Ba cheart duit áit ar leith a chur ar leataobh le go mbeidh do pháiste in ann a n-onair bhaile a dhéanamh, áit a bhfuil saor ó thorann agus ó ábhair sheachráin.

an LCVP corrábhar ón Ardteistiméireacht a phiocadh chomh maith leis na modúil seo. Tugann Ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta agus Coláistí Oideachais aitheantas don LCVP mar mhodh inghlactha le cur isteach orthu.

Cad í an Ardteistiméireacht Fheidhmeach?

Tá an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA) ann dóibh siúd nach mian leo tabhairt faoin Ardteistiméireacht nó faoi Ghairmchlár na hArdteidtiméireachta. Is í príomhaidhm an LCA daltaí a ullmhú don saol mór. Ní thugann Ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta nó Coláistí Oideachais aitheantas don LCA mar mhodh inghlactha le cur isteach orthu. Is féidir le daltaí a thugann faoin LCA leanúint ar aghaidh lena gcuid oideachais trí Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a dhéanamh.

Teangacha

An féidir le mo pháiste tabhairt faoina m(h)áthairtheanga mar ábhar scrúdaithe san Ardteistiméireacht?

Is féidir staidéar a dhéanamh ar chorrtheanga an Aontas Eorpaigh nach bhfuil mar chuid de ghnáthchuraclam na scoile mar ábhar na hArdteistiméireachta. Leis seo a dhéanamh, ní mór go mbeadh an dalta:

− Bheith ó bhallstát an Aontais Eorpaigh

− An teanga sin a labhairt mar a m(h)áthairtheanga

− Bheith ag déanamh staidéir ar an mBéarla don Ardteistiméireacht

Araíonacht

Cad a tharlaíonn má sháraíonn mo pháiste rialacha na scoile?

Ní úsáidtear pionós corportha nó pionós fisiciúil i scoileanna na hÉireann. Tá a leithéid in aghaidh an dlí. Tá rialacha ar leith ag gach scoil. Cuirfear ar an eolas thú faoi na rialacha nuair a dhéanann do pháiste freastal ar scoil den chéad uair. Ba cheart duit a chinntiú go dtuigeann do pháiste rialacha na scoile i gceart. Is minic a bhíonn rialacha diana ag scoileanna i leith caitheamh éide scoile, caitheamh seodra, freastail, poncúlachta agus iompair. Má sháraíonn do pháiste rialacha na scoile i gcónaí, déanfaidh an príomhoide nó múinteoir seo a phlé leat agus bheifí ag súil go n-éiríonn iompar do pháiste i bhfad níos fearr. Má sháraíonn do pháiste riail thromchúiseach scoile, d'fhéadfaí é/í a chur ar fionraí ón scoil. Is annamh a tharlaíonn é seo. Má tharlaíonn a leithéid agus mura bhfuil tú sásta le breithiúnas na scoile do pháiste a chur ar fionraí, is féidir leat achomharc a chur ar aghaidh go dtí an Bord Bainistíochta agus go dtí an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar rogha dheiridh. Ní mór go mbeadh beartas um chód iompair ag gach scoil.

Boird Bhainistíochta

Cad é an Bord Bainistíochta?

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as rialú díreach na scoile. Bíonn tuismitheoirí, múinteoirí, iontaobhaithe, an patrún, an príomhoide agus an pobal ar an mBord Bainistíochta. Is féidir leat labhairt le príomhoide na scoile más mian leat féin a bheith ar an mBord Bainistíochta.

Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Conas is féidir liom cuidiú le mo pháiste sárchumas a bhaint amach ar scoil?

Is tábhachtach é suim a léiriú in oideachas do pháiste agus é/í a mholadh nuair a oibríonn sé/sí go crua nó nuair a éiríonn thar barr leis/léi. Is féidir cuidiú le do pháiste trí spás a chur ar fáil dó/di le haghaidh staidéar a dhéanamh, trína f(h)éinmheas a spreagadh, trí fhreastal ar chruinnithe agus ar imeachtaí scoile agus trí bheith rannpháirteach sa scoil.

Conas is féidir liom a bheith rannpháirteach i scoil mo pháiste?

Tá comhairle tuismitheoirí i gcuid is mó de na scoileanna agus iarrtar ar gach tuismitheoir páirt a ghlacadh inti. Is féidir leat labhairt le príomhoide na scoile nó le múinteoir le tuilleadh eolais a fháil ina taobh. D'fhéadfaí oibrithe deonacha a bheith ag teastáil ó scoileanna le himeachtaí scoile a eagrú, cosúil le drámaí, ceolchoirmeacha agus campaí samhraidh. Más mian leat an cuidiú seo a chur ar fáil do scoil do pháiste, ba cheart duit labhairt leis an bpríomhoide nó le múinteoir le tuilleadh eolais a fháil.

Tá faitíos orm go ndéanfaidh mo pháiste dearmad ar a c(h)uid Béarla i rith laethanta saoire an tsamhraidh. Cad ba cheart dom a dhéanamh?

Tá sé tábhachtach go n-úsáideann, go léann nó go n-éisteann páistí agus daoine óga le roinnt Béarla gach lá. Mar shampla, d'fhéadfadh do pháiste breathnú ar chlár teilifíse agus cuntas a thabhairt faoi ina dhiaidh, nó d'fhéadfadh sé/sí leabhar a léamh nó Béarla a labhairt le cairde. Is tábhachtach é freisin, áfach, nach ndéanann do pháiste dearmad ar mháthairtheanga an teaghlaigh ach oiread. Is maith an cleachtas é do mháthairtheanga a labhairt ag an mbaile agus labhairt faoi nósanna agus faoi dhóigheanna do thíre dúchais nuair is féidir.

Cad air a ndéanann daltaí staidéar i rith na hIdirbhliana?

Ar na hábhair atá ann, tá siad seo a leanas:

− Cumarsáid, Treoir agus Comhairliúchán, Matamaitic, Corpoideachas, Forbairt Phearsanta agus Shóisialta, Staidéar Aeistéitice agus Cultúrtha, Eolaíocht agus Teicneolaíochtaí, Staidéar Gnó agus Oideachas Fiontraíochta.

Cuireann na múinteoirí i ngach scoil an clár Idirbhliana le chéile agus bíonn an deis ag daltaí triail a bhaint as raon leathan ábhar. Is fearr i bhfad a bhíonn tuiscint agus cur amach na ndaltaí ar ábhair na hArdteistiméireachta ar mhaith leo iad a roghnú i ndiaidh na hIdirbhliana.

An Ardteistiméireacht

Cad í an Ardteistiméireacht?

Is é seo an scrúdú iar-bhunscoile deireanach a dtugann daltaí idir 17 agus 19 mbliana d'aois faoi de ghnáth. Tá an Ardteistiméireacht cosúil leis na Leibhéil A nó leis an Baccalaureate. Is í an Ardteidtiméireacht is bunús d'fhiúntas na ndaltaí agus iad ag cur isteach ar Ollscoileanna, ar Institiúidí Teicneolaíochta agus ar Choláistí Oideachais.

Cad é Gairmchlár na hArdteistiméireachta?

Is leagan den Ardteistiméireacht é Gairmchlár na hArdteistiméireachta (LCVP). Díríonn an LCVP ar ábhair theicniúla agus cuirtear roinnt modúl leis a bhfuil béim ghairme orthu. Is iad seo a leanas na modúil bhreise: Oideachas Fiontraíochta, Ullmhú don Saol Oibre agus Taithí Oibre. Ní mór do dhaltaí a roghnaíonn

Ceapaim go mbeidh an Teastas Sóisearach ródheacair do mo pháiste. Cad ba cheart dom a dhéanamh?

Cuireann corrscoil clár eile ar fáil amach ón Teastas Sóisearach. Is é an clár atá i gceist ná Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP/Junior Certificate School Programme). Tá an clár seo dírithe ar dhaltaí atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath. Is féidir leat labhairt leis an bpríomhoide le tuilleadh eolais a fháil faoin JCSP.

An tSraith Shinsearach

Cad í an tSraith Shinsearach?

Tá an tSraith Shinsearach le haghaidh daltaí atá idir 15 agus 18 mbliana d'aois. Tógann an tSraith Shinsearach 2 nó 3 bliana, ag brath ar chinneadh an dhalta tabhairt faoin Idirbhliain nó gan tabhairt faoi. Le linn an dá bhliain dheireanacha den tSraith Shinsearach, tugann daltaí faoi chlár amháin as trí cinn agus bíonn scrúdú stáit ag deireadh gach cláir. Is iad na cláir atá i gceist an Ardteistiméireacht, Gairmchlár na hArdteistiméireachta (LCVP) agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA), agus is deis iad do mhic léinn tabhairt faoi fhoghlaim neamhspleách, scileanna ginearálta, teicniúla agus acadúla a fhorbairt agus agus le forbairt mar dhuine gan a bheith buartha faoin mbrú a bhaineann le scrúduithe.

Cad í an Idirbhliain?

Is clár í an Idirbhliain a chuireann corrscoil ar fáil tar éis an Teastais Shóisearaigh agus roimh an Ardteistiméireacht. Is deis í an Idirbhliain do dhaltaí léargas a fháil ar chláir éagsúla oideachais, lena n-áirítear taithí oibre. Níl scrúdú foirmiúil ar bith ag deireadh na bliana. Is deis í an Idirbhliain do dhaltaí tabhairt faoi fhoghlaim neamhspleách, scileanna ginearálta, teicniúla agus acadúla a fhorbairt agus le forbairt mar dhuine gan a bheith buartha faoin mbrú a bhaineann le scrúduithe.

Riachtanais Speisialta

Tá deacrachtaí foghlama ag mo pháiste. Cén scoil a ndéanfaidh sé/sí freastal uirthi?

Is gnách le páistí, a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag gabháil dóibh, oideachas a fháil i ngnáthscoil ach mura n-oireann é seo, tá roinnt roghanna ann do dhaltaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil deacrachtaí foghlama acu. Is féidir do pháiste a chlárú sna scoileanna seo a leanas:

- Gnáthscoil a bhfuil tacaíocht bhreise ar fáil ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, mar shampla Cúntóir Riachtanas Speisialta
- Rang speisialta ar leith i ngnáthscoil
- Scoil speisialta a fhreastalaíonn ar mhíchumas an dhalta, mar shampla scoil speisialta le haghaidh páistí lagéisteachta nó lagamhairc

Tá riachtanais speisialta oideachais ag gabháil do mo pháiste. Conas a fhreastalóidh an scoil ar a c(h)uid riachtanas breise?

Is féidir le do scoil tuilleadh acmhainní múinteoireachta a fháil do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama mórchúiseacha ag gabháil dóibh, mar shampla, Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tuilleadh múinteoirí. D'fhéadfá labhairt leis an bpríomhoide le plé a dhéanamh ar riachtanais bhreise do pháiste.

Cad é Cúntóir Riachtanas Speisialta?

Cuidíonn Cúntóir Riachtanas Speisialta le daltaí a bhfuil deacrachtaí mórchúiseacha foghlama, fisiciúla nó iompair ag gabháil dóibh. Mar shampla, d'fhéadfadh Cúntóir Riachtanas Speisialta cuidiú a thabhairt do pháistí teacht anuas agus dul suas ar an mbus scoile agus cuidiú leo lena gcuid scríbhneoireachta, le beathú, le cóiriú agus le sláinteachas ginearálta.

Cad í an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS/National Educational Psychological Service)?

Is seirbhís í an tSeirbhís Náisiúnta Síceoláíochta Oideachais (NEPS) arna maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Cuireann an tseirbhís síceolaithe ar fáil a bhfuil cúram ar leith orthu i dtaca le bunscoileanna agus meánscoileanna. Oibríonn an NEPS le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le páistí le riachtanais oideachais a shainaithint agus le cuidiú le páistí a bhféadfadh deacrachtaí foghlama, iompair nó inspreagtha a bheith ag gabháil dóibh. Ní mór duit do thoiliú a thabhairt más mian leat go mbuailfeadh an síceolaí le do pháiste. D'fhéadfadh síceolaí an NEPS moltaí a thabhairt duit faoi conas is féidir leat cuidiú le do pháiste más rud é go bhfuil an-deacrachtaí aige/aici ar scoil. Ní chuirtear an tseirbhís seo ar fáil i ngach scoil.

Airgeadas

An féidir liom cúnamh airgeadais a fháil agus mé ag cur páiste ar scoil?

Má tá d'ioncam faoi bhun méid ar leith, má tá tú ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh nó má tá tú ag glacadh páirte i scéimeanna oiliúna ar leith, d'fhéadfá bheith i dteideal cuidiú airgeadais a fháil le do pháiste a chur ar scoil. D'fhéadfá bheith i dteideal an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua a fháil le cuidiú leat íoc as éidí scoile. Ba cheart duit labhairt leis an Oifigeach Leasa Pobail faoin íocaíocht seo. D'fhéadfá bheith i dteideal cúnamh airgeadais a fháil le leabhair scoile a cheannach faoin Scéim Deontais um Leabhair Scoile. Ba cheart duit labhairt le príomhoide na scoile le cuidiú a fháil le híoc as leabhair scoile.

Níl Béarla ar a t(h)oil ag mo mhac/m'iníon. Cén rang ina gcuirfear é/í?

Tagann daoine óga isteach ar Bhéarla go han-tapa agus dá bharr sin is gnách go gcuirfear do mhac/d'iníon i rang in éineacht le daoine óga eile atá ar comhaois leis/léi. D'fhéadfadh an scoil teacht ar chinneadh gan do mhac/d'iníon a chur i rang ag a mbeidh scrúdú ag deireadh na bliana i dtús báire, siocair go bhféadfadh sé seo strus a chur ar do pháiste. Is deis mhaith í an Idirbhliain do do mhac/d'iníon cur lena c(h)uid Béarla gan a bheith buartha faoin mbrú a bhaineann le scrúduithe stáit. Cuireann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta acmhainní breise ar fáil do dhaltaí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna nach bhfuil Béarla acu. Má theastaíonn cuidiú ó do mhac/d'iníon le Béarla a fhoghlaim, cuirfidh an scoil ranganna breise Béarla dó/di i rith an lae scoile.

An tSraith Shóisearach

Cad í an tSraith Shóisearach?

Is clár 3 bliana é seo a dtugann daltaí faoi in aois a 12 nó a 13 dóibh de ghnáth, tar éis dóibh an bhunscoil a chur díobh. Tugann daltaí faoin scrúdú stáit darb ainm an Teastas Sóisearach tar éis 3 bliana. Tá de bhreis ar 20 ábhar sa tSraith Shóisearach. Is iad na hábhair is coitianta Béarla, Matamaitic, Gaeilge, Eolaíocht, Tíreolaíocht, Stair, Fraincis, Staidéar Gnó, Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh agus Eacnamaíocht Bhaile. Ní chuirtear na hábhair chéanna ar fáil i ngach scoil. Déanann daltaí staidéar ar 8, 9, nó 10 n-ábhar. Tá ardleibhéal agus gnáthleibhéal i gceist leis na hábhair seo. Tá bunleibhéal i gceist chomh maith le Béarla, Gaeilge agus Matamaitic.

Conas a chuirtear oideachas ar dhaltaí iar-bhunscoile?

Cuireann roinnt mhaith múinteoirí éagsúla oideachas ar dhaltaí iar-bhunscoile. Bíonn cúram ar leith ar gach múinteoir i dtaca le hábhar nó dhó. Spreagtar daltaí sult a bhaint as an am a chaitheann siad ar scoil.

Inis dom faoin ngnáthlá scoile.

Bíonn an chuid is mó de hiar-bhunscoileanna ar oscailt on Luan go dtí an Aoine. B'fhearr duit labhairt le príomhoide na scoile le heolas a fháil faoi na huaireanta a bhíonn an scoil ar oscailt. D'fhéadfaí imeachtaí spóirt nó imeachtaí eile a bheith eagraithe tar éis uaireanta scoile. Bíonn sos maidine agus sos lóin i rith an lae scoile. Ba cheart cinntiú go mbíonn bia agus deoch ag do mhac/d'iníon le haghaidh na sosanna seo.

Cad a tharlaíonn má dhúntar an scoil i rith na bliana?

Tabharfaidh an scoil liosta duit de na laethanta a dhúnfar an scoil i rith na bliana. Má bhíonn laethanta eile nach mbeidh an scoil ar oscailt, tabharfaidh an scoil nóta do do pháiste le tú a chur ar an eolas faoi seo.

Cad é an struchtúr um sholáthar foirne sa scoil?

Tá freagracht ar an bpríomhoide, bíodh sé ina fhear nó ina bhean, as reáchtáil na scoile. D'fhéadfadh 7 nó 8 múinteoir éagsúla a bheith ag dalta. Is gnách le dalta múinteoir bliana a bheith acu le freastal ar riachtanais na ndaltaí nach mbaineann le cúrsaí acadúla.

An mbuaileann tuismitheoirí le múinteoirí?

Eagraíonn an scoil cruinniú tuismitheoirí agus múinteoirí le linn na bliana de ghnáth. Is féidir leat labhairt leis na múinteoirí ag an gcruinniú seo faoi dhul chun cinn do pháiste. Más mian leat labhairt le múinteoir nó leis an bpríomhoide ag am eile le linn na bliana, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis an scoil le cruinniú a eagrú.

Bunscoil

An bhfuil saghsanna éagsúla bunscoile ann?

Tá. Múineann corrscoil buachaillí agus cailíní le chéile, agus múineann scoileanna aonghnéis buachaíllí amháin nó cailíní amháin. Múineann bunús na mbunscoileanna in Éirinn buachaillí agus cailíní le chéile. Tá gach bunscoil bunaithe ar éiteas credimh, mar shampla, Caitliceach Rómhánach, Eaglais na hÉireann, Moslamach, Giúdach nó ilchreidmheach. Tá an chuid is mó de bhunscoileanna na tíre bunaithe ar éiteas Caitliceach Rómhánach. Fiú murar Caitliceach Rómhánach atá i do pháiste, is féidir leis/léi freastal ar scoil Chaitliceach Rómhánach.

Tá éiteas ilchreidmheach ag scoileanna Foghlaim le Chéile. Is éard is brí leis seo gur féidir le páistí ó gach cúlra sóisialta, creidimh agus cultúrtha freastal ar an scoil, agus nach bhfuil cead ag bord na scoile aon chreideamh ar leith a chur chun cinn. Le tuilleadh eolais a fháil i leith scoileanna Foghlaim le Chéile, téigh ar líne ag www.educatetogether.ie. Is i mBéarla a mhúintear an curaclam i mbunús na scoileanna, ach múineann corrscoil an curaclam trí mheán na Gaeilge; tugtar Gaelscoileanna ar na scoileanna seo. Is féidir leat do pháiste a chur chuig Gaelscoil fiú mura bhfuil Gaeilge ar bith agat. Téigh ar líne ag www.gaelscoileanna.ie le tuilleadh eolais a fháil faoi Ghaelscoileanna.

Cathain ar cheart dom mo pháiste a chur ar bhunscoil?

Ní gá le páistí freastal ar scoil den chéad uair go dtí go bhfuil siad 6 bliana d'aois, ach tosaíonn an chuid is mó de pháistí ar scoil i mí Mheán Fómhair tar éis dóibh an ceathrú bliain ar an saol a bhaint amach. Fanann corrpháiste go dtí go bhfuil siad 5 bliana d'aois.

Ní féidir liom scoil a aimsiú atá sásta mo pháiste a chlárú. Cad ba cheart dom a dhéanamh?

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an mBord Náisiúnta um Leas Oideachais (NEWB). Má dhéanann tú teagmháil leis an NEWB, beidh ort cóipeanna de na litreacha a thabhairt dóibh ó na scoileanna a ndearna tú iarracht do pháiste a chlárú iontu. Is ortsa atá an fhreagracht do pháiste a chlárú i scoil.

Ceapaim go bhfuil leatrom á dhéanamh ar mo pháiste de bharr nach Caitliceach nó nach Éireannach é/í. Cad ba cheart dom a dhéanamh?

Má eitíonn scoil do pháiste a chlárú, ba cheart go bhfaighfeá litir ina bhfuil cur síos ar an gcinneadh seo i scríbhinn. Ba cheart go n-áirítear sa litir seo na cúiseanna nár ghlac an scoil le do pháiste. Is féidir leat achomharc in aghaidh cinnidh gan do pháiste a chlárú i scoil. Bíonn easpa spásanna scoile i gcorrcheantar, agus d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfuil aon spás fágtha sa scoil ar mhaith leat do pháiste a chur inti. Más rud é go bhfuil easpa spáis ann, glacfaidh corrscoil páiste de réir a c(h)reidimh, mar shampla, d'fhéadfadh scoil Mhoslamach tús áite a thabhairt do pháiste Moslamach, d'fhéadfadh scoil Chaitliceach Rómhánach tús áite a thabhairt do pháiste Caitliceach Rómhánach etc. Tá cead ag scoileanna é seo a dhéanamh, ach déanfaidh bunús na scoileanna a seacht ndícheall freastal ortsa agus ar do pháiste. D'fhéadfadh sé tarlú corruair go mbeidh spás le haghaidh do pháiste i mí Mheán Fómhair. Is féidir dul i dteagmháil leis mBord Náisiúnta um Leas Oideachais (NEWB) mura bhfuil tú sásta le cinneadh scoile gan do pháiste a chlárú.

Sruthú daltaí − is éard is brí leis seo go roinntear daltaí i ranganna difriúla ar bhonn a gcumais. Is féidir leat labhairt le príomhoide na scoile le tuilleadh eolais a fháil i leith bheartas na scoile um shruthú daltaí.

Áiseanna − mar shampla, is féidir leat eolas a fháil i leith áiseanna na scoile; an bhfuil leabharlann sa scoil, áiseanna corpoideachais/áineasa?

Imeachtaí seach-churaclaim − is féidir leat eolas a fháil i leith imeachtaí seach-churaclaim na scoile, mar shampla, spórt, cór, damhsa etc.

Rannpháirtíocht na ndaltaí − is féidir leat a fháil amach an féidir le daltaí a bheith páirteach i ndéanamh cinntí a mbaineann leo. Tá comhairle daltaí ag corrscoil a thugann deis do na daltaí a bheith páirteach i saol na scoile.

Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí − is féidir leat a fháil amach an bhfuil tuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta. Is féidir leat a fháil amach freisin an bhfuil Comhairle Tuismitheoirí ann le deis a thabhairt do thuismitheoirí a bheith níos páirtí i saol na scoile.

Oideachas Iar-Bhunscoile

Cad is oideachas iar-bhunscoile ann?

Bíonn cúig bliana i gceist le hoideachas iar-bhunscoile; Sraith Shóisearach 3 bliana agus Sraith Shinsearach 2/3 bliana ina dhiaidh sin. Tá 3 théarma i ngach scoilbhliain:− Mí Mheán Fómhair go lár mhí na Nollag

− Mí Eanáir go lár mhí an Mhárta/Aibreáin (an Cháisc)

− Tar éis na Cásca do deireadh mhí na Bealtaine nó go luath i mí an Mheithimh.

Bíonn saoire ghearr i lár gach téarma ar a dtugtar briseadh lár téarma.

Oideachas Iar-Bhunscoile nó Oideachas Dara Leibhéal

Cad is oideachas iar-bhunscoile ann?

Cuirtear oideachas iar-bhunscoile ar dhaltaí atá idir 12 agus 18 mbliana d'aois. Ní mór do dhaltaí atá faoi 16 bliana d'aois freastal ar iar-bhunscoil.

Roghnú Scoile

An bhfuil saghsanna éagsúla iar-bhunscoile ann?

Tá cúig shaghas iar-bhunscoile ann in Éirinn. Tá meánscoileanna, gairmscoileanna, pobalscoileanna, scoileanna cuimsitheacha agus coláistí pobail. Is iad na príomhdhifríochtaí atá eatarthu an bealach a ndéantar bainistiú orthu, cé leo iad agus conas a dhéantar iad a mhaoiniú. Is scoileanna creidimh iad de ghnáth na meánscoileanna, na pobalscoileanna agus na scoileanna cuimsitheacha. Ciallaíonn sé seo go bhfuil siad bunaithe ar chreideamh ar leith, mar shampla, Caitliceach Rómhánach nó Eaglais na hÉireann. Is scoileanna neamh-shainchreidmheacha iad na gairmscoileanna agus na coláistí pobail agus is éard is ciall leis seo nach bhfuil siad bunaithe ar chreideamh ar bith.

Cad ba cheart dom a chur san áireamh agus mé ag roghnú iar-bhunscoile?

An curaclam − is é seo an raon ábhar a mhúintear sa scoil. Níl na hábhair chéanna i ngach scoil; dá bhrí sin, má tá an-suim ag do mhac/d'iníon in ábhar ar leith, ba cheart duit scoil a roghnú ina bhfuil an t-ábhar sin le fáil.

Na cláir − cuireann corrscoil cláir bhreise ar fáil, mar shampla Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh, an Ardteidtiméireacht Fheidhmeach (LCA), Gairmchlár na hArdteistiméireachta (LCVP).

Oideachas

Cad is oideachas bunscoile ann?

Tá 8 rang i gceist le hoideachas bunscoile. Caitheann páistí bliain amháin i ngach rang de ghnáth.

Aois	Bliain	Ainm an Ranga
4-5 bliana	1	Rang na Naíonán Sóisearach
5-6 bliana	2	Rang na Naíonán Sinsearach
6-7 mbliana	3	Rang a hAon
7-8 mbliana	4	Rang a Dó
8-9 mbliana	5	Rang a Trí
9-10 mbliana	6	Rang a Ceathair
10-11 bhliain	7	Rang a Cúig
11-12 bhliain	8	Rang a Sé

Tá trí théarma i scoilbhliain na bunscoile.

Tá an chéad téarma ó mí Mheán Fómhair go lár mí Nollag. (Nollaig)

Tá an dara téarma ó mhí Eanáir go lár mhí an Mhárta/Aibreáin. (an Cháisc)

Tá an tríú téarma ón gCáisc go deireadh mhí an Mheithimh. (Samhradh)

Níl Béarla ar a t(h)oil ag mo pháiste. Cén rang ina gcuirfear é/í?

Tagann daoine óga isteach ar Bhéarla go han-tapa agus dá bharr sin is gnách go gcuirfear do mhac/d'iníon i rang in éineacht le daoine óga eile atá ar comhaois leis/léi. Cuireann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta acmhainní breise ar fáil do dhaltaí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna nach bhfuil Béarla acu. Má theastaíonn cuidiú ó do mhac/d'iníon le Béarla a fhoghlaim, cuirfidh an scoil ranganna breise Béarla ar fáil dó/di i rith an lae scoile.

Cad a fhoghlaimeoidh mo pháiste sa bhunscoil

Cuirtear an curaclam bunscoile le chéile le go mbeidh sé spraiúil agus suimiúil do gach páiste. Tá sé roinnte ina cheithre chuid:

- Teangacha (Béarla agus Gaeilge), Matamaitic, Oideachas Sóisialta, Comhshaoil agus Eolaíochta (e.g. Stair agus Tíreolaíocht), Oideachas sna hEalaíona (lena n-áirítear na hamharcealaíona, ceol agus drámaíocht, Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.
- Tá ranganna in Oideachas Reiligiúnach ar fáil do pháistí chomh maith. Ní gá do pháistí staidéar a dhéanamh ar Oideachas Reiligiúnach mura mian leat, ach b'fhéidir go mbeidh orthu fanacht sa seomra ranga faoi mhaoirseacht an mhúinteora.

An bhfuil iallach ar mo mhac/m'iníon obair bhaile a dhéanamh?

Tugann corrmhúinteoir bunscoile obair bhaile do pháistí agus ní thugann múinteoirí eile. Má fhaigheann do pháiste obair bhaile, ba cheart duit spás a chur ar leataobh dó/di le staidéar a dhéanamh agus é/í a spreagadh ina c(h)uid oideachais.

Inis dom faoin ngnáthlá scoile.

Maireann an lá scoile ar feadh 5 huaire agus 40 nóiméad. D'fhéadfadh an lá scoile a bheith níos giorra do pháistí óga. Bíonn scoileanna ar oscailt ó Luan go hAoine. Bíonn sos maidine agus sos lóin ann de ghnáth. Ba cheart cinntiú go mbíonn bia agus deoch ag do mhac/d'iníon le haghaidh na sosanna seo. Is tábhachtach é do pháiste a chur ar scoil in am agus é/í a chruinniú in am ag deireadh an lae.

Cad a tharlaíonn má dhúntar an scoil i rith na bliana?

Tabharfaidh an scoil liosta duit de na laethanta a dhúnfar an scoil i rith na bliana. Má bhíonn laethanta ar bith eile nach mbeidh an scoil ar oscailt, tabharfaidh an múinteoir nóta do do pháiste. Ba cheart duit mála scoile do pháiste a sheiceáil gach lá le haghaidh na nótaí seo.

An mbuaileann tuismitheoirí le daltaí?

Eagraíonn an scoil cruinniú tuismitheoirí agus múinteoirí le linn na bliana de ghnáth. Bíonn tú in ann breathnú ar shaothar do pháiste agus labhairt le múinteoirí faoi dhul chun cinn do pháiste ag na cruinnithe seo. Más mian leat labhairt le múinteoir nó leis an bpríomhoide ag am eile le linn na bliana, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis an scoil le cruinniú a eagrú.

An bhfuil iallach ar mo pháiste éide scoile a chaitheamh?

Ní mór do pháistí i mórán scoileanna éide scoile a chaitheamh. Teastaíonn éadaí nó bróga ar leith corruair ó dhaltaí le haghaidh cluichí spóirt. Muna bhfuil tú sásta faoin riachtanas a bhaineann le caitheamh éide scoile siocair cúinsí cultúrtha, ba cheart duit é seo a phlé le príomhoide na scoile.

Sláinte

An ndéanfaidh dochtúir nó altra scrúdú ar mo pháiste agus é/í sa bhunscoil?

Tá scagadh sláinte scoile agus clár imdhíonta scoile ar fáil do pháistí i mbunscoileanna stáit. Cuirfear ar an eolas thú faoin scagadh agus tá tú in ann a bheith i láthair ag an scagadh más maith leat. Cuirtear cóir leighis saor in aisce ar pháistí má thugtar faoi deara tar éis an scagtha go bhfuil fadhbanna sláinte ag gabháil dóibh. Cuirtear vacsaíniú ar fáil saor in aisce do gach páiste. Tabharfaidh an fiaclóir cuairt ar do pháiste sa bhunscoil agus cuirfear ar aghaidh é/í chuig an bhfiaclóir áitiúil má thugtar faoi deara go bhfuil cóir leighis ag teastáil uaidh/uaithi.